C/2025/2982

11.6.2025

Foilsiú na teachtaireachta maidir le leasú caighdeánach formheasta ar shonraíocht táirge le haghaidh tásc geografach i gcomhréir le hAirteagal 5(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún [1]

(C/2025/2982)

FORMHEAS AR LEASÚ CAIGHDEÁNACH A CHUR IN IÚL

(Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2024/1143)

'Azafrán de la Mancha'

Uimh. AE: PDO-ES-0112-AM03 — 11.3.2025

1. **Ainm an táirge**

'Azafrán de la Mancha'

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☒ Ainmniuchán tionscnaimh faoi chosaint (ATFC)

☐ Tásc Geografach faoi Chosaint (TGFC)

☐ Tásc geografach (TG)

3. **Earnáil**

☒ Táirgí talmhaíochta

☐ Fíonta

☐ Deochanna biotáilleacha

4. **Tír ar léi an limistéar geografach**

an Spáinn

5. **Údarás an Bhallstáit atá ag cur an leasaithe chaighdeánaigh in iúl**

An Aireacht Réigiúnach Talmhaíochta, Uisce agus Forbartha Tuaithe. Ard-Stiúrthóireacht Bhia Castile-La Mancha

6. **Incháilitheacht mar leasú caighdeánach**

Míniú ar an bhfáth a dtagann an leasú (nó na leasuithe) faoin sainmhíniú ar leasú caighdeánach dá bhforáiltear in Airteagal 24(4) de Rialachán (AE) 2024/1143

Is 'leasú caighdeánach' é seo, dá bhforáiltear in Airteagal 24(3) agus (4) de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Aibreán 2024, ós rud é nach leasaítear ainm an táisc gheografaigh faoi chosaint leis na hathruithe a rinneadh, nach bhfuil baol ann go ndéanfaidh siad an nasc a dhíothú, ná nach dtugann siad isteach srianta nua ar mhargú an táirge.

7. **Tuairisc ar an leasú caighdeánach (nó ar na leasuithe caighdeánacha) formheasta**

1. *Leasú ar an bhfoclaíocht chun cineál an táirge a shoiléiriú agus chun achoimre níos fearr a thabhairt ar a shaintréithe*

Déanann an leasú seo difear do Roinn 3.2 den doiciméad aonair agus do Roinn B den tsonraíocht táirge.

[1] Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún an 30 Deireadh Fómhair 2024 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le rialacha a bhaineann le tásca geografacha, sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta a chlárú agus a chosaint agus lena n-aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 664/2014 (IO L, 2025/27, 15.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/27/oj).

Tarraingíodh suas tuairisc níos sonraí ar an táirge toisc go raibh tuairisc reatha an táirge ina cúis le hearráidí coincheapúla. Feabhsaíodh an tuairisc ar shaintréithe fisiceacha an táirge faoi chosaint agus tugadh cothrom le dáta í chun dúbailt agus iomarcaíocht a sheachaint. Feabhsaíodh an tuairisc ar shaintréithe orgánaileipteacha agus ceimiceacha an táirge faoi chosaint agus tugadh cothrom le dáta í. I gcás inar gá, sonraíodh tagairtí eolaíocha le haghaidh comhairliúcháin.

Déanann an leasú seo difear don doiciméad aonair.

2. *Simpliú na tuairisce ar an limistéar faoi chosaint*

Déanann an leasú difear do Roinn C den tsonraíocht táirge. Simplíodh an tuairisc ar an limistéar faoi chosaint, agus cuireadh liosta mionsonraithe de na bardais in ionad chóid INE na mbardas sin. Níor athraíodh an limistéar geografach.

Ní dhéanann an leasú difear don doiciméad aonair.

3. *Foclaíocht an chruthúnais gur de thionscnamh an limistéir an táirge a shimpliú*

Baineann an leasú seo le Roinn D den tsonraíocht táirge.

Ní dhéanann an leasú difear don doiciméad aonair.

4. *Foclaíocht sa mhodh táirgthe a shimpliú*

Leasú ar Roinn E den tsonraíocht táirge (An modh chun an táirge a fháil) arb é is aidhm dó téacs níos solúbtha a chur ar fáil atá níos éasca ar na páirtithe leasmhara uile a léirmhíniú.

Ní dhéanann an leasú difear don doiciméad aonair.

5. *Feabhas a chur ar an bhfoclaíocht sna coinníollacha maidir le lipéadú táirgí*

Leasú ar Roinn G (Faisnéis a bhaineann leis an Ainmniúchán Tionscnaimh) agus ar Roinn 3.6 den Doiciméad Aonair, lena sainítear na coinníollacha maidir le húsáid na dtrádmharcanna agus na críocha bardasacha atá sa limistéar táirgeachta, lena sonraítear na coinníollacha lipéadúcháin agus lena leasaítear maidir leis an duine atá freagrach as lipéid deimhniúcháin, agus lena sonraítear na paraiméadair chun an méid sin a bhainistiú.

Déanann an leasú sin difear don doiciméad aonair.

6. *Leasú a bhaineann leis an gcomhlacht cigireachta*

Leasú ar Roinn H (Comhlacht cigireachta) chun í a chur i gcomhréir leis an staid rialála.

Ní dhéanann an leasú difear don doiciméad aonair.

DOICIMÉAD AONAIR

‘Azafrán de la Mancha’

Uimh. AE: PDO-ES-0112-AM03 — 11.3.2025

PDO (X) PGI ( )

1. **Ainm nó ainmneacha (ATFC nó TGFC)**

‘Azafrán de la Mancha’

2. **Ballstát nó tríú tír**

an Spáinn

3. **Tuairisc ar an táirge talmhaíochta nó táirge bia**

3.1. *Cód Ainmníochta Comhcheangailte*

— 09 — CAIFE, TAE, MAITÉ AGUS SPÍOSRAÍ

0910 — Sinséar, cróch, tuirmiric (curcuma), tím, duilleoga labhrais, curaí agus spíosraí eile

3.2. *Tuairisc ar an táirge lena mbaineann an t-ainm in (1)*

Cuirtear sonraíochtaí íonachta Azafrán de La Mancha agus na modhanna anailíse a úsáidtear i láthair sa tábla seo a leanas:

Sonraíocht agus aonaid	Teorainn	Modh anailíse
Ábhar coimhthíoch (% p)	≤ 0,5	UNE-ISO 3632-2:2011. Caibidil 8 nó aon chaighdeán a d'fhéadfaí a chur ina hionad amach anseo
Ábhar eachtrach (% p)	≤ 0,1	UNE-ISO 3632-2:2011. Caibidil 9 nó aon chaighdeán a d'fhéadfaí a chur ina hionad amach anseo

Is é atá san ábhar coimhthíoch ná na codanna de bhláth *Crocus sativus* L. nach bhfuil beartaithe lena n-úsáid mar spíosra. Mar shampla, peitil, stíleanna atá scoite, staimíní, gráin phailine agus codanna den ubhagán.

Is é atá san ábhar eachtrach aon iarmhar eile nach dtagann ó bhláth *Crocus sativus* L.. D'fhéadfadh an t-ábhar coimhthíoch a bheith de thionscnamh plandúil (duilleoga, tuí, peitil, etc.); ainmhíoch (feithidí iomlána nó a mbloghanna nó iarsmaí ainmhíocha eile); mianrach (cré, clocha, etc.) nó eile (páipéar, fabraic, plaisteach, miotal, etc.).

b.1.2 Saintréithe toiseacha

Cuirtear saintréithe toiseacha shnáitheanna Azafrán de La Mancha i láthair sa tábla seo a leanas:

Sonraíocht	Teorainn	Lamháltas (%)
Cóimheas íosta maidir le stiogma/fad stíle	2:1	1

b.2 Saintréithe ceimiceacha

Leagtar amach sa tábla seo a leanas saintréithe ceimiceacha Azafrán de La Mancha, na modhanna anailíse is gá agus na lamháltais uasta cheadaithe:

Sonraíocht agus aonaid	Teorainn	Modh anailíse
Taise agus substaintí so-ghalaithe (%)	< 11	UNE-ISO 3632-2:2011 nó aon chaighdeán a d'fhéadfaí a chur ina ionad amach anseo
Cumhacht dathúcháin	> 200	UNE-ISO 3632-2:2011 nó aon chaighdeán a d'fhéadfaí a chur ina ionad amach anseo
Cumhacht bhlaistithe	> 20	UNE-ISO 3632-2:2011 nó aon chaighdeán a d'fhéadfaí a chur ina ionad amach anseo
Cumhacht shearbhaithe (piocracróicin)	> 70	UNE-ISO 3632-2:2011 nó aon chaighdeán a d'fhéadfaí a chur ina ionad amach anseo
Dathúcháin shaorga	mrpl1 ([1])	UNE-ISO 3632-2:2011 nó aon chaighdeán a d'fhéadfaí a chur ina ionad amach anseo

([1]) Íoschion dathúcháin, arna shloinneadh i mg/kg, agus é le brath agus le deimhniú

b.4) Saintréithe orgánaileipteacha

Is iad seo a leanas saintréithe orgánaileipteacha Azafrán de La Mancha:

b.4.1) Snáitheanna cróch

Ullmhúchán samplaí: cuir 200 mg de shnáithe ar mhias Petri.

Cuma: gan ábhar coimhthíoch nó eachtrach a bheith ann. Dath dearg lonrach.

Dea-bholadh: séimh, dian, géar. Ruainníní róstaithe, meala, féir triomaithe agus bláthanna.

b.4.2) Insileadh cróch

An t-insileadh a ullmhú. Cuir 200 mg de stiogmaí meilte criathraithe i lítear amháin uisce ag 60 ± 5 °C i gcomhréir le UNE-ISO 3632-2:2011 nó i gcomhréir le haon chaighdeán a d'fhéadfaí a chur ina ionad amach anseo, cumhdaigh an coimeádán agus déan eastóscadh faoi na dálaí sin ar feadh 20 nóiméad. Scag é, fuaraigh é i ndálaí dorcha go dtí go mbíonn an teocht tuairim is 25 °C agus déan measúnú céadfach laistigh de 2 uair an chloig. Tá na samplaí le húsáid ag na breithiúna i ngloine chaighdeánach de réir UNE 87022:1992, nó de réir aon chaighdeán a d'fhéadfaí a chur ina ionad amach anseo agus beidh thuairim is 50 ml d'insileadh iontu.

Cuma: lonrach, glé, buí lena mbaineann imireacha éadroma bándearga oráiste.

Dea-bholadh: séimh, dian, géar. Ruainníní róstaithe, féir thriomaithe, bláthanna agus spíosraí.

Blas: féar triomaithe, rósta, searbhas éadrom, spíosracht shéimh, spíosraí milse, créúil.

Más gá, agus mar thagairt, na téarmaí, na sainithe agus na sonraíochtaí dá dtagraítear i gcaighdeáin UNE-ISO 3632-1:2012 'Saffron (*Crocus sativus* L.)', Cuid 1: Sonraíochtaí, agus UNE-ISO 3632-2:2011 'Spíosraí. (*Crocus sativus* L.)', Cuid 2: Beidh feidhm ag modhanna anailíse, nó, i gcás inarb iomchuí, ag aon chaighdeán a d'fhéadfaí a chur ina ionad amach anseo, agus úsáidfear iad.

3.3. *Beatha (i gcás táirgí de thionscnamh ainmhíoch amháin) agus amhábhair (i gcás táirgí próiseáilte amháin)*

Gan sonrú.

3.4. *Céimeanna sonracha táirgthe nach mór a dhéanamh sa limistéar geografach sainithe*

Fástar, buantar agus triomaítear an cróch sa limistéar geografach sainithe.

3.5. *Rialacha sonracha maidir le sliseadh, grátáil, pacáistiú, etc. an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

—

3.6. *Rialacha sonracha maidir le lipéadú an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

Ní mór an íomhá seo a leanas a bheith le feiceáil ar an lipéadú sna dathanna sainithe. Is cód alfa-uimhriúil é an uimhir XXYYYYYYYY ina bhfuil XX ina dhá litir den aibítir lena sainaithnítear bliain táirgthe an chróch agus YYYYYYYY ina uimhir lena sainaithnítear an phacáistíocht.

Beidh séala baránta, lipéad nó lipéad tánaisteach uimhrithe arna eisiúint ag an gcomhlacht cigireachta ar na coimeádáin ina ndéantar an cróch cosanta a phacáistiú lena thomhailt ar bhealach nach féidir na coimeádáin a athúsáid.





4. **Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach**

Síneann an limistéar a chumhdaítear leis an ainmniúchán soir ó dheas ó réigiún lárnach Castile-La Mancha. Cuimsíonn croílár an limistéir ainmniúcháin ceantair La Mancha i gcúigí Toledo, Ciudad Real, Cuenca agus Albacete.

5. **Nasc leis an limistéar geografach**

Tugadh cróch isteach sa Spáinn le linn réimeas na nArabach. San 8ú agus sa 9ú haois is iad meánaicmí uachtaracha na hAndalúise a bhí á úsáid. Blaistíodh miasa Arabacha le go leor luibheanna, fásadh iad i ngach gort dá bharr sin agus ba iad cuimín, cearbhas, cuimín dubh, biolar, ainís mhilis, finéal, ainís, lus an choire, mustard, miontas, lus an phiobair agus peirsil na príomhchineálacha a fásadh. Bhí an cróch ar an tarsann ba thábhachtaí, áfach, i ngeilleagar na nArabach toisc gur dhathú agus blastán riachtanach i bhformhór na mias a bhí ann.

Tá fianaise scríofa ar fhás an chróch in La Mancha i saothar dar teideal *Cultivo del azafrán en la Solana* a scríobh J. A. López de la Osa níos déanaí (1897). Áirítear sa leabhar eolas ar an mbarr ó 100 bliain roimhe sin agus tugtar sliocht ann as fardal dlíthiúil ó 1720 ina luaitear an cróch freisin. Sa chéad tríú cuid den 19ú haois bhí an chróch den chaighdeán is fearr sa Spáinn á tháirgeadh in La Mancha, ina raibh an táirgeacht is airde in aghaidh an heicteáir de thalamh tirim. Tá doiciméadú an-mhaith déanta ar thraidisiún fhás an chróch i Pedro Muñoz, Campo de Criptana agus Manzanares (Ciudad Real), i Lillo, Madridejos, Villacañas, Villanueva de Alcardete agus Cabezamesada (Toledo) agus i Montilla del Palancar (Cuenca).

Is in iliomad traidisiúin chultúrtha an cheantair is féidir an fhianaise is fearr a fháil le nasc láidir stairiúil idir réigiún La Mancha agus an cróch.

Dála na ngníomhaíochtaí go léir atá fréamhaithe go domhain sa tsochaí, tá saothrú cróch ina chúis le stór focal saibhir dá chuid féin. In *El léxico del azafrán en el habla manchega* le M. Núñez agus J. C. Conde (Al-Basit: Revista de Estudios Albacetenses, 28, Albacete 1991) áirítear réimse leathan nathanna a bhaineann le cróch a bailíodh i suirbhéanna a rinneadh i gcúige Albacete. Léirítear an traidisiún a bhaineann le fás an chróch in La Mancha i mbéaloideas sonrach an réigiúin, i ndamhsa traidisiúnta réigiúnach atá tiomnaithe don táirge, agus in amhráin agus i nathanna cainte. Is é is cúlra freisin don mhion-cheoldráma dar teideal *La rosa del azafrán* (leabhróg le F. Romero agus G. Fernández Shaw; agus ceol le Jacinto Guerrero, a léiríodh den chéad uair i Maidrid in 1930).

Ba cheart a thabhairt faoi deara freisin go bhfuil lámhleabhair theagaisc ann ina bhfuil tuairisc ar theicnící fáis agus táirgthe, cuir i gcás an saothar thuasluaite le J. A. López de la Osa agus *El azafranero práctico* le L. Jiménez Martín (Albacete: Imprenta Eduardo Miranda, 1900).

Léirítear an tábhacht a bhaineann leis an mbarr sin sa chultúr traidisiúnta freisin leis an 'Fiesta de la Rosa del Azafrán', a bhíonn ar siúl i Consuegra (Toledo), na comórtais scafa cróch a reáchtáiltear mar chuid de cheiliúradh an phátrúin in La Solana (Ciudad Real), agus an 'Festival de la Rosa del Azafrán' i Santa Ana (Albacete).

Ar deireadh, is léiriú soiléir ar chineál traidisiúnta agus tábhacht eacnamaíoch an bhairr sin an nós roinnt snáithíní cróch a thabhairt do lánúineacha nuaphósta mar shiombail den rathúnas a ghuitear dóibh, nós atá á chleachtadh fós i roinnt sráidbhailte de chuid La Mancha,.

Tagairt d'fhoilsiú na sonraíochta táirge

https://rec.castillalamancha.es/rec/public/documentacion/listadoDocs.faces#no-back-button